# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Nótaí Mínithe don Mharcáil ar Líne

| Siombail | Cur síos | Ciallaíonn sé |
|---|---|---|
|  | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna bronnta (m.sh. 3 mharc) |
| 0 | Náid | Gan aon mharc bronnta |
|  | Tic (bán) | Pointe bailí/ceart/ábhartha, ach gan aon mharc bronnta mar tá an t-uasmharc faighte cheana |
|  | Corrach ceartingearach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir |
| **GF** | Gan aon fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |

## Tábla na nGrád (as 360 marc)

| Marcanna | % | Bronn |
|---|---|---|
| 324-360 | 90-100 | Gradam |
| 270-323 | 75-89 | Ardtuillteanas |
| 198-269 | 55-74 | Tuillteanas |
| 144-197 | 40-54 | Gnóthaithe |
| 72-143 | 20-39 | Gnóthaithe go Páirteach |
| 0-71 | 0-19 | Neamhghrádaithe |

## Réasúnaíocht

Is leis na Torthaí Foghlama atá ar fáil sa tSonraíocht do Stair na Sraithe Sóisearaí a leagtar amach cad ba cheart a bheith ar eolas ag daltaí, cad ba cheart dóibh a thuiscint agus cad ba cheart dóibh a bheith in ann a dhéanamh. Torthaí Foghlama don Stair a thástáil is aidhm leis na ceisteanna ar an scrúdpháipéar seo. Déantar tástáil ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a shealbhaíonn siad ina gcuid staidéir.

Ní bheidh sna Torthaí Foghlama le measúnú in aon scrúdú ar leith ach sampla de na Torthaí Foghlama uile don Stair. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí níos mó na aon Toradh Foghlama amháin a thástáil ag an am céanna i roinnt ceisteanna. Déanfar Torthaí Foghlama Shnáithe a hAon a thástáil i gceisteanna i ngach cuid den scrúdpháipéar.

Glactar leis gur féidir le múinteoirí agus daltaí déileáil le Torthaí Foghlama ar bhealaí éagsúla, ag brath ar ábhair spéise ar leith, cúinsí áitiúla, srl. Glacfar le léamha éagsúla ar na Torthaí Foghlama laistigh den phróiseas marcála.

## Próiseas Marcála

An méid a leanas atá i gceist leis an bpróiseas marcála:

Gach freagra a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh air.

Marcanna a thabhairt do gach freagra de réir na scéime marcála comhaontaithe.

Léigh na freagraí ar fad a thugtar, lena n-áirítear freagraí sa bhreis, na freagraí céanna a thugtar níos mó ná uair amháin nó freagraí cealaithe. Glactar leis an bhfreagra a fhaigheann an marc is airde, laistigh de na treoirlínte don scrúdpháipéir.

Bíonn freagraí/pointí ar leith ag teastáil i gcás roinnt ceisteanna, mar atá leagtha amach sa scéim mharcála. Níor cheart marcanna a thabhairt d'aon fhreagra seachas don fhreagra a thugtar sa scéim nó d'fhreagra comhchiallach.

Tá freagraí éagsúla ceadaithe i gcás ceisteanna eile. Níl sna pointí samplacha a thugtar sa scéim mharcála ach pointí táscacha; d'fhéadfadh pointí/freagraí malartacha a bheith bailí. Úsáidtear 'srl.' mar chomhartha go bhféadfaí glacadh le freagraí eile.

Má tá aon amhras ann faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

Ní mór do scrúdaitheoirí nótaí mínithe a chur le freagraí na n-iarrthóirí mar a dúradh ag an gcomhdháil mharcála.

Má scríobhann iarrthóir níos mó ina f(h)reagra ná an méid a theastaíonn chun an t-uasmharc a bhaint amach, ba chóir don scrúdaitheoir ticeanna "bána" a chur isteach chun a léiriú cá bhféadfaí marcanna breise a bhronnadh.

Ba cheart nóta mínithe 'náid' a chur isteach sa chás gur tugadh freagra ar cheist ach nach bhfuil sé maith a dhóthain chun marcanna a ghnóthú.

Ba cheart don scrúdaitheoir GF (Gan aon Fhreagra) a chur isteach sa chás nár tugadh freagra ar bith ar cheist.

Níor chóir pionós a ghearradh i gcás earráidí litrithe, gramadaí agus/nó poncaíochta.

| C 1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cé mhéad bliain a léirítear ar an líne ama, 500-1200?*<br>700 bliain **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Tarraing **cúig** shaighead chun na heachtraí atá luaite sa liosta thíos a nascadh leis na háiteanna cearta ar an líne ama*<br>Cúig shaighead, go dtí an áit cheart, a bheag nó a mhór **5 x 3 mharc** | **15** |
| **(c)** | *Ainmnigh mainistir Luath-Chríostaí amháin eile in Éirinn agus ainmnigh an bunaitheoir.*<br>Ainm na mainistreach **3 mharc**<br>Ainm an bhunaitheora **3 mharc**<br>Ainm an bhunaitheora gan ainm na mainistreach **0 marc**<br><br>Glactar le freagraí ina ndéantar tagairt do mhainistreacha/bunaitheoirí áitiúla nach bhfuil aithne ar mhórán daoine orthu.<br>Mura ndéantar an mhainistir agus an bunaitheoir a mheaitseáil le chéile i gceart, bronn 3m ar a mhéad. | **6** |
| **(d)** | *Luaigh **dhá** úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cloigtheach i mainistir Luath-Chríostaí.*<br>Dhá úsáid bhailí **3 mharc + 3 mharc**<br><br>D'fhéadfadh cloigtheach/túr faire/stóráil/tearmann srl. a bheith i measc na n-úsáidí féideartha sin. | **6** |
| **(e)** | *Ainmnigh an cineál ceardaí a chruthaigh na déantáin a thaispeántar thíos.*<br>Leabhar Dharú: scríobhaí/callagrafaí/maisitheoir<br>Cailís Dhoire na bhFlann: gabha óir/geal/miotail/dubh nó gaibhneoir<br>Cros Mhuireadhaigh: saor cloiche/dealbhóir **3 x 3 mharc** | **9** |
| **(f)** | Seachas na samplaí a léirítear i gcuid **(e)**, ainmnigh saothar ealaíne **amháin** eile a bhaineann le hÉirinn Luath-Chríostaí agus déan cur síos air.<br>Ainm an earra/déantáin **3 mharc**<br>Cur síos ar an earra/déantán **3 mharc**<br><br>Déan caighdeán an chuntais a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **6** |

| C 1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (g) | *Dean cur síos ar* ***dhá*** *bhealach a raibh tionchar ag an gCríostaíocht ar an saol in Éirinn i ndiaidh 1200.*<br><br>*Cur síos* ar dhá bhealach a raibh tionchar ag an gCríostaíocht ar an saol in Éirinn i ndiaidh 1200.<br><br>**6 mharc + 6 mharc**<br><br>Déan caighdeán gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 6 mharc** an ceann:<br>**5-6 mharc = Sármhaith**<br>**3-4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**1-2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Glac le pointí ábhartha a bhaineann leis an ré *tar éis* na bliana 1200 go dtí an lá atá inniu ann<br><br>Mura ndéantar forbairt/cur síos ar na pointí, bronn 2 mharc ar a mhéad in aghaidh an phointe. | **12** |

(57 marc)

| C 2 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cén ceann de na blianta seo a leanas atá san 8ú haois? Cuir tic (√) i gceann **amháin** de na boscaí seo a leanas.*<br>700ta AD **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Dá mba mhac léinn seandálaíochta tú, cad a bheadh le foghlaim agat ón taithí a bhí agat ar an teach cruinn a thógáil agus a úsáid? Bain úsáid as fianaise ó na foinsí mar thaca le do fhreagra.*<br>Aimsigh trí phointe éagsúla **3 x 3 mharc**<br>Glactar le freagraí ina dtagraítear do na nithe seo a leanas: ábhar tógála a úsáideadh sna ballaí/an díon/truailliú ó dheatach/leapacha/ainmhithe agus feithidí, srl.<br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú<br>Mura ndéantar tagairt dhíreach nó tagairt indíreach sa fhreagra don fhoinse/do na foinsí, bronn 2 mharc ar a mhéad in aghaidh an phointe. | **9** |
| **(c)** | *Luaigh **trí** dhifríocht idir teach cruinn meánaoiseach agus gnáth-theach/ gnáth-árasán in Éirinn sa lá atá inniu ann? Déan tagairt do na foinsí i do fhreagra.*<br>Trí dhifríocht **3 x 3 mharc**<br>Mura ndéantar tagairt dhíreach nó tagairt indíreach sa fhreagra don fhoinse/do na foinsí, bronn 2 mharc ar a mhéad in aghaidh an phointe. | **9** |
| **(d)** | *Mínigh na gnéithe den saol meánaoiseach a d'fhág go raibh meánionchas saoil íseal ag daoine sna meánaoiseanna.*<br>Bronn **3 mharc** an ceann (suas le **15 mharc** ar a mhéad) le haghaidh na nithe seo leanas.<br>• Pointe tábhachtach lena mínítear an chúis le meánionchas saoil íseal<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú<br>Glactar le freagraí ina dtagraítear do na nithe seo a leanas: easpa sláinteachais, galair, an Phlá Mhór, gorta/ganntanas bia/drochbhia, bás de bharr luí seoil**/**breith clainne, ardráta báis naíonán/leanaí, cúram leighis ar dhroch-chaighdeán, cogaíocht, srl. | **15** |

(36 marc)

| C 3 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Bain úsáid as na téarmaí ón liosta a thugtar chun na bearnaí thíos a líonadh.*<br><br>1 = carbhal<br>2 = cabhail<br>3 = seolta<br>4 = compás<br>5 = astraláib<br>6 = luasmheá agus téad<br>7 = luaidhe agus téad<br>8 = uisce<br>9 = scorbach<br>10 = cartagrafaíocht<br>11 = portalach<br>12 = timpeallú **12 x 2 mharc**<br><br>Tabhair **2 mharc** nó **0 marc** do gach téarma. | **24** |
| **(b)** | Luaigh **dhá** chúis ar thosaigh Eorpaigh ar choilíniú a dhéanamh ar áiteanna eile ar domhan sna 1500idí.<br><br>Dhá chúis bhailí **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Glactar le freagraí ina dtagraítear do chúiseanna amhail impireachtaí a leathnú, bealaí trádála nua a aimsiú, leas a bhaint as acmhainní nádúrtha na gcríoch nua, barra margaidh a fhás, m.sh. siúcra, caife agus cadás, stáisiúin trádála a bhunú, an Chríostaíocht a scaipeadh, clú agus glóir, srl. | **6** |
| **(c)** | *Conas a léiríonn an dealbh seo **dhá** dhearcadh (tuairimí) éagsúla ar an gcaoi a gcuimhnítear ar Cholambas?*<br><br>Dhá dhearcadh éagsúla **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Déan caighdeán gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Ba cheart go mbeadh na pointí ag tagairt do *dhearcthaí daoine ar Cholambas* seachas do Cholambas féin chun lánmharcanna a ghnóthú.<br><br>Tabhair 1 mharc an ceann ar a mhéad do ráitis ghinearálta amhail "tá roinnt daoine ceanúil air" agus "tá an ghráin ag roinnt daoine air". | **6** |

| C 3 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(d)** | *Céard is brí leis an téarma 'cinedhíothú'?*<br><br>Déan an freagra a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>An choir a bhaineann le hiarracht a dhéanamh d'aon ghnó chun grúpa daoine a scriosadh, go hiomlán nó go páirteach, bunaithe ar a gcúlra creidimh, ar a náisiúntacht, ar a gcine nó ar a gcúlra eitneach (nó sainmhíniú den chineál céanna). | **3** |
| **(e)** | *An bhfuil sé cóir, dar leat, Colambas a nascadh leis an gcinedhíothú? Mínigh do thuairim trí úsáid a bhaint as an eolas atá agat ar stair Mheiriceá i ndiaidh 1492.*<br><br>Cuir tic le Tá nó Níl **3 mharc**<br>Míniú ar an tuairim **6 mharc**<br><br>Tabhair 3 mharc an ceann (suas le sé marc ar a mhéad) do gach pointe bailí ina dtugtar eolas tacaíochta trí thagairt a dhéanamh do ghné(ithe) ábhartha de stair Mheiriceá Thuaidh nó Theas tar éis 1492.<br><br>Cuir ticeanna bána, más gá, le haon phointí bailí eile sa fhreagra | **9** |

(48 marc)

| C 4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | *Ainmnigh forbairt teicneolaíochta nó nuálaíocht a bhfuil staidéar déanta agat uirthi mar chuid de do chúrsa Staire don tSraith Shóisearach.*<br>Forbairt/nuálaíocht ar leith aitheanta go soiléir **3 mharc** | **3** |
| (b) | *Tabhair an dáta nó an tréimhse ama inar tharla an fhorbairt teicneolaíochta nó nuálaíocht seo.*<br>Dáta/tréimhse ama a bhaineann leis an bhforbairt/nuálaíocht a luadh **3 mharc**<br>Nóta: Bronn 3 mharc sa chás go dtugtar dátaí cruinne agus/nó tréimhse ama ar leith, m.sh. *le linn na hAthbheochana/na Réabhlóide Tionsclaíche/an Dara Cogadh Domhanda,* srl. | **3** |
| (c) | *Cén chuid den saol ar tháinig athrú air mar thoradh ar an bhforbairt nó nuálaíocht seo? (e.g. talmhaíocht, tionscal, iompar, srl.)*<br>Cuid den saol a bhaineann leis an bhforbairt/nuálaíocht a luadh **3 mharc** | **3** |
| (d) | *Tabhair sonraí maidir leis an bhforbairt teicneolaíochta nó an nuálaíocht a ndearna tú staidéar uirthi.*<br>Tabhair **3 mharc** (suas le **12 mharc** ar a mhéad) do phointí bailí<br>• An cúlra/comhthéacs don fhorbairt teicneolaíochta nó don nuálaíocht ar a bhfuil cur síos á dhéanamh.<br>• Eolas ábhartha faoin duine/faoi na daoine a raibh baint aige/aici/acu léi<br>• An chaoi a ndearnadh/ar cruthaíodh an nuálaíocht/an fhorbairt<br>• An chaoi ar oibrigh an nuálaíocht/an fhorbairt<br>• Tionchar/iarmhairtí ábhartha<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú | **12** |
| (e) | *An dóigh leat go raibh saol na ndaoine níos fearr nó níos measa mar thoradh ar an bhforbairt teicneolaíochta nó nuálaíocht seo? Mínigh do thuairim.*<br>Cuir tic le Níos fearr nó Níos measa **3 mharc**<br>Míniú ar an tuairim **9 marc**<br>Tabhair 3 mharc (suas le naoi mharc ar a mhéad) do phointí bailí ina dtugtar eolas tacaíochta trí thagairt a dhéanamh do thionchar na forbartha/nuálaíochta ar shaol na ndaoine.<br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú. | **12** |

(33 marc)

| C.5 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Lion isteach ainmneacha na gceannairí sa bhosca thíos.*<br><br>Edward Carson<br>John Redmond<br>H. H. Asquith **3 x 3 mharc** | **9** |
| **(b)** | *Cuir isteach tic do gach ceannaire páirtí chun a léiriú an raibh sé ar son nó i gcoinne Rialtas Dúchais.*<br><br>H. H. Asquith AR SON Rialtas Dúchais<br>Edward Carson I gCOINNE Rialtas Dúchais<br>John Redmond AR SON Rialtas Dúchais **3 x 2 mharc** | **6** |
| **(c)** | *Ag baint úsáid duit as Foinse 1, mínigh cá bhfios duit go raibh gach duine de na ceannairí ar son nó i gcoinne Rialtas Dúchais.*<br><br>Pointe bailí amháin a bhaineann le gach ceannaire **3 x 3 mharc**<br><br>Mura ndéantar tagairt dhíreach nó tagairt indíreach sa fhreagra don fhoinse, bronn 2 mharc ar a mhéad in aghaidh an phointe. | **9** |
| **(d)** | *Scríobh cuntas ar cheannaire a bhí páirteach sa traidisiún parlaiminte i bpolaitíocht na hÉireann.*<br><br>Ainm an cheannaire **3 mharc**<br>Cuntas ar an gceannaire **18 marc**<br><br>Bronn **3 mharc** an ceann (suas le **18 marc** ar a mhéad) le haghaidh na nithe seo leanas.<br>• Pointe tábhachtach faoin gceannaire<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú<br><br>Eolas beathaisnéise nach mbaineann le gníomhréim pholaitiúil an cheannaire, bronn 3 mharc ar a mhéad. | **21** |

(45 marc)

| C 6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *De réir* ***Fhoinse 1****, cé mhéad cineál éagsúil tacar sonraí faoi gach duine a bailíodh in 1926? Luaigh dhá shampla de na cineálacha sonraí sin.*<br>21 tacar sonraí **3 mharc**<br>Dhá chineál sonraí (ainm, aois, gnéas, srl.) **3 mharc + 3 mharc** | **9** |
| **(b)** | *Ar tháinig méadú nó laghdú ar dhaonra na hÉireann idir an daonáireamh in 1911 agus an daonáireamh in 1926? Bíodh fianaise as* ***Foinse 1*** *agat mar thacaíocht le do fhreagra.*<br>Laghdú **3 mharc**<br>Fianaise thacaíochta ón bhfoinse **3 mharc** | **6** |
| **(c)** | *An bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach? Cuir (√) san fhreagra atá ceart.*<br>Fíor, fíor, bréagach **3 x 3 mharc** | **9** |
| **(d)** | *Cén fhianaise as* ***Foinse 2*** *a thaispeánann gur mhair daoine in Inis Cathaigh níos mó ná míle bliain ó shin?*<br>An cloigtheach/fothrach mainistreach **3 mharc** | **3** |
| **(e)** | *De réir* ***Fhoinse 3****, cé mhéad glúin de mhuintir Uí Ghrifín atá le fáil i ndaonáireamh 1911? Cén ceannteideal san fhoinse ar féidir an fhianaise sin a fháil faoi?*<br>Trí ghlúin **3 mharc**<br>Ceannteideal: Gaol le Ceann Tí **3 mharc** | **6** |
| **(f)** | *De réir* ***Fhoinse 3*** *cé mhéad mac agus iníonacha a bhí ag Micheál Ó Grifín agus Máire Uí Ghrifín?*<br>Triúr mac agus ceathrar iníonacha **3 mharc + 3 mharc** | **6** |
| **(g)** | *Luaigh duine amháin sa líon tí nach raibh mar bhall den teaghlach. Tabhair* ***dhá*** *phíosa fianaise as Foinse 3 a thaispeánann nach raibh an duine sin mar bhall den teaghlach.*<br>Thomas Blake: sloinne difriúil, seirbhíseach **3 x 3 mharc** | **9** |
| **(h)** | *Tugtar cúig fhíric faoi Inis Cathaigh sa tábla thíos.*<br>*Uimhrigh na fíricí ó 1 go 5 in ord croineolaíoch, ag tosú leis an gceann is luaithe.*<br>1, 5, 3, 4, 2 **5 x 3 mharc**<br>Tabhair **3 mharc** nó **0 marc** do gach uimhir. | **15** |

(63 marc)

| C 7 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cén t-athrú san fheirmeoireacht a thug Stailín isteach in 1929?*<br><br>**Comhfheirmeoireacht/**Comhsheilbhíocht/cuireadh deireadh le feirmeacha aonair **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Cén cineál saoil a bhí ag daoine ar chomhfheirm, de réir **Fhoinse 1**? Bíodh fianaise as an bhfoinse agat mar thacaíocht le do phointí.*<br><br>Tabhair 3 mharc an ceann do dhá phointe bhailí **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Glactar le freagra ina ndéantar tagairt do dhaoine ag obair i gcomhar le chéile ar bhealach comhoibritheach, fómhar fairsing, each-chumhacht agus innealra, picnic ag leanaí, srl.<br><br>Mura ndéantar tagairt dhíreach nó tagairt indíreach sa fhreagra don fhoinse, bronn 2 mharc ar a mhéad in aghaidh an phointe. | **6** |
| **(c)** | *Cén cur síos a rinne an finné súl i bh**Foinse 2** ar mhuintir na sráidbhailte a tháinig isteach go Kharkiv?*<br><br>Tabhair 3 mharc do phointe bailí amháin **3 mharc**<br><br>Glactar le freagra ina ndéantar tagairt do ghorta, ocras, srl.<br><br>Mura ndéantar tagairt dhíreach nó tagairt indíreach sa fhreagra don fhoinse, bronn 2 mharc ar a mhéad in aghaidh an phointe. | **3** |
| **(d)** | *Céard is brí leis an téarma 'bolscaireacht'?*<br><br>Déan an freagra a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Eolas (eolas claonta nó míthreorach go háirithe) a úsáidtear chun cúis/dearcadh polaitíochta a chur chun cinn (nó sainmhíniú eile atá mórán mar an gcéanna). | **3** |
| **(e)** | *An sampla de bholscaireacht é an póstaer i **bhFoinse 1**, dar leat? Mínigh do fhreagra.*<br><br>Déan caighdeán an mhínithe a mharcáil ar **scála aistritheach de 6 mharc**:<br><br>**5-6 mharc = Sármhaith**<br>**3-4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**1-2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **6** |

| C.7 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(f)** | *Ainmnigh an tír fhaisisteach a ndearna tú staidéar uirthi mar chuid de chúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí agus ainmnigh ceannaire na tíre sin.*<br><br>Ainm na tíre faisistí **3 mharc**<br>Ceannaire na tíre sin **3 mharc**<br><br>Má thugtar tír chumannach/ceannaire cumannach, ná bronn aon mharc. | **6** |
| **(g)** | *Cén tionchar a bhí ag an bhfaisisteachas ar an saol sa tír sin?*<br><br>Bronn **3 mharc** an ceann (suas le huasmhéid de **15 mharc**) le haghaidh na nithe seo leanas.<br>• Pointe tábhachtach faoin saol sa tír fhaisisteach a luadh.<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú<br><br>Caithfidh an freagra a bheith faoi thír fhaisisteach chun marcanna a fháil. | **15** |

(42 marc)

| C 8 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cén aois a bhí Bob Dylan nuair a eisíodh The Times They Are A-Changin' in 1964?*<br>Glac le 22 nó 23 bliain d'aois **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Cén uair a taifeadadh The Times They Are A-Changin' agus cén áit ar taifeadadh é?*<br>An 6 Lúnasa – an 31 Deireadh Fómhair 1963 **3 mharc**<br>1963 **1 mharc**<br>Stiúideo Columbia, Ascaill 7, Cathair Nua-Eabhrac (2 nó 3 chuid) **3 mharc**<br>Cuid amháin den suíomh **1 mharc** | **6** |
| **(c)** | *Mínigh **dhá** bhealach a bhfuil rochtain ar cheol athraithe ó na 1960idí.*<br>Aimsigh dhá phointe bhailí **3 mharc + 3 mharc**<br>Déan gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br>Glactar le freagra ina ndéantar tagairt do théipchaiséid, MTV (teilifís cheoil), iPODanna, dlúthdhioscaí, seirbhísí ceoil á sruthú ar líne, srl. | **6** |
| **(d)** | An foinsí úsáideacha fianaise iad amhráin agus/nó clúdaigh albam, faoin am atá thart, dar leat? Mínigh do fhreagra.<br>Aimsigh dhá phointe bhailí **3 mharc + 3 mharc**<br>Déan gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **6** |
| **(e)** | *Ag éirí as an staidéar atá déanta agat ar na 1960idí mar dheich mbliana a bhí tábhachtach i stair na hÉireann, i stair na hEorpa agus/nó i stair an domhain mhóir, luaigh ainm duine cáiliúil amháin, nó ceist amháin nó imeacht amháin ó na 1960idí.*<br>Rinneadh duine cáiliúil, ceist nó imeacht a aimsiú go soiléir **3 mharc** | **3** |

| C.8 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(f)** | *An dtaispeánann an duine cáiliúil, an cheist nó an t-imeacht gur thréimhse a bhí sna 1960idí ina raibh athruithe ag tarlú? Mínigh do fhreagra, agus úsáid á baint agat as eolas faoin duine cáiliúil, faoin gceist nó faoin imeacht a bhfuil staidéar déanta agat air.*<br><br>Cuir tic le Taispeánann nó Ní thaispeánann **3 mharc**<br>Míniú ar an tuairim **9 marc**<br><br>Tabhair 3 mharc an ceann (suas le naoi marc ar a mhéad) do phointí bailí.<br><br>Ba chóir go mbainfeadh na pointí leis an mbaint a bhí ag an duine cáiliúil, ag an gceist nó ag an imeacht le coincheap an athraithe.<br><br>Mura dtagraítear do choincheap an athraithe sa chuntas, ná bronn níos mó ná 3 mharc.<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú | **12** |

(36 marc)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 360 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 26 |
| 274 - 276 | 25 |
| 277 - 280 | 24 |
| 281 - 283 | 23 |
| 284 - 286 | 22 |
| 287 - 290 | 21 |
| 291 - 293 | 20 |
| 294 - 296 | 19 |
| 297 - 300 | 18 |
| 301 - 303 | 17 |
| 304 - 306 | 16 |
| 307 - 310 | 15 |
| 311 - 313 | 14 |
| 314 - 316 | 13 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 317 - 320 | 12 |
| 321 - 323 | 11 |
| 324 - 326 | 10 |
| 327 - 330 | 9 |
| 331 - 333 | 8 |
| 334 - 336 | 7 |
| 337 - 340 | 6 |
| 341 - 343 | 5 |
| 344 - 346 | 4 |
| 347 - 350 | 3 |
| 351 - 353 | 2 |
| 354 - 356 | 1 |
| 357 - 360 | 0 |
| | |